

Deontais ar fáil ón Bhord Oideachais agus Oiliúna do chlubanna óige ar fud an chontae.

Tá €42,607 faighte ag an Bhord Oideachais agus Oiliúna á roinnt idir chlubanna óige agus grúpaí atá ag cur imeachtaí ar fáil do dhaoine óga ar bhonn dheonach sa bhliain 2015.

Faoin Scéim seo, cuirtear deontais ar fáil d'íarrthóirí chun tacaíocht a thabhairt dóibh i dtaca le forbairt, riaracháin agus costais a bhaineann le cláir ar siúl agus seirbhísí ar fáil uaibh.

Leis na blianta anois, tá na deontais seo mar théad sábhála do na hoibrithe deonacha i gceannas clubanna óige in ionaid pobal agus hallaí paróiste ar fud an chontae.

Is ról thar a bheith tábhachtach atá ag na hoibrithe deonacha seo ag forbairt scileanna sóisialta sna daoine óga agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh ina phobail féin.

Tig leo na deontais seo a úsáid ar roinnt costais a bhaineann le gníomhaíochtaí na gclubanna, mar shampla: trealamh nua, taisteal agus árachas.

Tá na foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais ar an scéim seo ar fáil anois ar shuíomh idirlíon an Bord Oideachais agus Oiliúna, www.donegaletb.ie, nó bígí i dteagmháil le Paddy Muldoon, an tOifigeach Óige, nó le hAodhán Mac Closcaigh.

Sé an **17ú Aibreán 2015** an lá deireanach ar a nglacfar le foirmeacha iarratais san oifig i Leitir Ceanainn.

Deireadh